

Gabh mo ghearán, a Sheóirse

[Anne O'Sullivan, 'Tadhg O'Daly and Sir George Carew', *Éigse* 14, 27-38]

Tadhg O'Daly cc.

1 Gabh mo gherán, a Sheóirse,
cuimhnigh cion mo chineól-se
ag gach pór dod réimm romhuibh;
mó� dá réir do-rónabhair.

2 Ní thuillte duid mo dhiomdfa,
fa Dhia is tú mo thighearna;
righe ret' anáir doba áil
dlighe gabháil ar ngeráin.

3 Gan chuid gan chuidechta linn,
mar sin thánag fa thuairim,
do-cháidh mo cuiple a gcaoíle,
ruibh-se do bháir bhegaoíne.

4 Córaide duid, a dhrech náir,
ar ngeráin-ne do ghabháil,
d'fhuil Gall a-nú ná a-nalluin
rann ach tú nír thógamair.

5 Seanbháidh do réime romhuibh
rem chinedh do chualabhair;
a ghnúis dealbhnáir nár ér fher,
ná sén seanbháidh na sinnser.

6 Cairúnnuigh ríamh druim ar druim,
a chorann (?) dár séimh somhuinn;
bí féin dúin ina ndeaghluigh
do réir do ghlúin genealuigh.

7 Mise th'ollamh fíre féin,
cuinmhigh damh, a ghnúis ghlanréidh;
mé riamh gan chlaon ad choinne
le haon dár íarr orain-ne.

8 Rinn cheana do chinn fhine
mar fuair cenn ar gceirdi-ne;
déantar lat úaisle oram,
glac an úair-se a uraghall.

9 Ní hionann as merdha mhé
's a lán eile dom aicme;
a chruth fhíal go dtinn dtresa,

ríamh ad chenn ní[r] chuires-sa.

10 Dod thagra thánag om thoigh,
mar charuid, a chruth féidhligh,
ní badh é an triall gan thoradh,
a ré fhíal gan urrdhubhadh.

11 Don chuid eile dom fhine
anois a n-eirr mh'aimseire,
a chruth shuilbheir, a ghné ghlan,
ná fuilngidh mé du mhuchadh.

12 A bhfuil mh'aicme do rádh rum
fa thegh mo réime romhum
ar chlaon dom fhine at aghaidh,
a bhile sháor shíothamhail,

13 Deacair nach bhfuil d'fhíachuibh ort
cuid dom' anforlann d'fhurtacht;
cuimhnigh an bhfréimh dá bhfuile,
a shuilbhír shéimh shothuinge.

14 Tug an té ó ttáinig sibh,
a anáir ar lár ná léigidh,
don chéidfher ór slonnadh sinn
bronnadh dárbh éigean uirrim.

15 Muinntear Bháire na dtrácht dte
ód shinnser fuair ar bhfine;
má tá sin daor 'na dheghuidh
do bhí saor 'gar sinnseruibh.

16 Dúais dána an úair-sin mar í
ní hiomdha fer ó bhfuighthí;
ní bronnadh as cáir do cheilt
do dháil an t-orradh oirdheirc.

17 Ar dheaghdhán dá ndernadh linn
d'aoinfher dá uaisle a n-Éirinn,
agad tshíol do bhí a bronnadh,
díl mar í ní fhuaramar.

18 Gidh aidhbhseach é ag gach ollamh
ag fearann-so fuaramar;
bladh as buaine iná an aidhbhsí
do an uaine oruibh-si.

19 Ní buaine an toirbhert tug uaidh,
an Carrúnnach an chéadúair,

ná a chlú gan char ar gcúluibh
do an ar chrú an Charúnuigh.

20 An té ó dtáinig tusa,
's a' t-ollamh ór fhásus-sa,
sinn araon a ndá n-oigher;
a raon linn an leanfaider?

21 Ón chéadfher dod réim romhuibh
tug onóir dár n-ealachain
féach go bhfuil ar ro-bháidh ruibh;
mh'onáir ná cuir ar chúlaibh.

22 An tshlighe as ar íarr innmhe
fúair an cenn-so ar gcinidh-ne;
ní cóir file do rádh rinn
an tshlighe ar lár do léigfinn.

23 Dán, is an ttabhartas tug,
mar fúar ón té ó dtánag,
do-bhéar úaim é dá eighre,
mar fúair sé ór sinnseir-ne.

24 Mór do chuir clú do chinidh,
ní hainm ar gcúl chuirfidhir,
tú ad bharánta ar theacht as-tteagh
a neart gabhála Gaedheal.

25 Damh-sa as cóir a chur i gcéill,
atá re cur id chaithréim,
gan fher faghla 'ghá foghuiil
Banbha as-teagh go ttugobhair.

26 D'fhortacht Éireann, go dul duibh
le dírmuibh láech ó Londuin,
do-chuaidh ort an ardbhladh,
ní fhuair a holc d'ionarbadh.

27 Do fhágbhuis, ó chenn go cenn
an fonn aoibhinn-se Éireann
gan ghuid, gan éginn, gan olc,
gan bhruid, dárbh fhéitir fhortacht.

28 An dóchus do andaídhe sibh,
maith dúinn a n-onóir mh'aisdir,
bíoth go bhfuil ar lúaighill lag,
tar muir fad thúairim thánag.